COILLTE
GROW · TRANSFORM · SUSTAIN

# FÁILTE GO COILL AN SCARBHAIGH

# WELCOME TO SCARAGH WOOD

Is éard is ciall leis an Scarbhach ná "áth éadomhain" nó "áit gharbh na dtor rófhásta". Coillearnach mheasctha álainn, aibí é Coill an Scarbhaigh atá suite ar na fánta is faide soir de na Gaibhlte, siúlóid 30 nóiméad ó lár na Cathrach. Téann Slí Oidhreachta Thiobraid Árann, siúlóid líneach 56km il-laethúil idir Bóthar na gCorr agus Caiseal, timpeall ar imeall thoir na Coille. Tá mórán gnéithe ó na seanlaethanta le fáil in aice láimhe: ballaí cloiche, bruacha cré, conairí aoirí, tuama ursanach neoiliteach agus roinnt comharthaí sóirt den tionscal rathúil línéadaigh a bhí sa Chathair.

Tá fáschoillte ársa den Dair Ghaelach agus an t-iora rua dúchasach le fáil taobh istigh de theorainneacha Choill an Scarbhaigh. Go dtí lár na 1960í, ba é an Choill seo croílár an tionscail bainte fraochóg (ar a dtugtar fraocháin chomh maith) agus suas le 60 duine áitiúil ag obair anseo in aon lá samhraidh. Bhí muileann sábhadóireachta á reáchtáil ag Eastát na Cathrach sa Choill seo agus á oibriú ag triúr fear, go dtí go luath sna 1960í. Ullmhaíodh adhmad anseo le haghaidh an phríomh-mhuilinn sábhadóireachta sa bhaile agus sholáthair postaí d'fheirm an Eastáit agus breosla don "Teach Mór" i bPáirc na Cathrach. Baineadh úsáid as trealamh réamh-mheicniúchán, capaill agus cairteacha troma chun adhmad a bhogadh uaidh seo. Thóg an tEastát lóiste seilge agus teachín don mhaor géim taobh istigh de Choill an Scarbhaigh.

Tá trí chonair siúlóide ar fáil ann; an Chonair Ghlas (3.8km, 1 uair agus 20 nóiméad, measartha, glas), an Chonair Ghorm (4.8km, 1 uair agus 40 nóiméad, measartha, gorm) agus an Chonair Dhearg (6.2km, 2 uair agus 20 nóiméad, dian, dearg).

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Choill an Scarbhaigh, féach ar ár láithreán gréasáin www.coillte.ie.


Meaning "a shallow ford" or "a rough shrub-overgrown place", Scaragh Wood is a beautiful, mature, mixed woodland located on the most eastern slopes of the Galtees, just 30 minutes walk from the centre of the town of Cahir. The 56 km Tipperary Heritage Way, a multi-day linear walk between The Vee and Cashel, also skirts its eastern fringes. There are many features from bygone days nearby including: stone walls, earthen banks, shepherd paths, a neolithic portal tomb and some reminders of Cahir's once prosperous linen industry.

Within Scaragh Wood's boundaries can be found ancient plantations of Irish Oak and our native red squirrel. Until the mid-1960s, the Wood was the epicentre of a whort-picking (also known as bilberries or fraocháns) industry with up to 60 locals working here on any summer's day. Cahir Estate also ran a sawmill in this Wood that was operated by 3 men, until the early 1960s. It prepared timber for the main sawmill in the town and provided stakes for the Estate farm and fuel for the "Big House" in Cahir Park. Pre-mechanisation, horses and heavy carts were used to move timber from here. The Estate also built a hunting lodge and gamekeeper's cottage within Scaragh Wood.

There are three walking trails to choose from; Green Trail (3.8km, 1 hour, 20 mins, moderate, green), Blue Trail (4.8km, 1 hour 40 mins, moderate, blue) and the Red Trail (6.2 km, 2 hours 20 mins, strenuous, red).

For more information on Scaragh Wood, visit our website, www.coillte.ie.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development




| | |
|---|---|
| Príomhbhóthar / Main Road | Green Trail : 3.8 kilometres |
| Mionbhóthar / Minor Road | Blue Trail : 4.8 kilometres |
| Bóthar Foraoise / Forest Road | Red Trail : 6.2 kilometres |
| Raon Foraoise / Forest Track | Réadmhaoine Coillte / Coillte Managed Properties |
| Cosán / Path | |
| Ionad Amhairc / Viewpoint | |
| Carrchlós / Car Park | |
| Tús/ Trailhead | |
| Láthair Oidhreachta / Heritage Site | |
| Láthair Phicnicí / Picnic Area | |

Níor chóir go léirmhíneodh an léiriúchán ar an léarscáil de na bóithre, raonta agus cosáin taobh amuigh de réadmhaoin Coillte mar go bhfuil ceart slí tugtha.
The representation on the map of roads, tracks and paths outside Coillte property should not be interpreted as conferring a right of way.

leave no trace
ná fág do lorg

CCTV
in operation

GARDÉAIL I GCOINNE DÓITEÁIN
GUARD AGAINST FIRES

## NITHE IS DÍOL SPÉISE
## POINTS OF INTEREST



Tá an t-eiseamal iontach seo den dair dhúchasach ina sheasamh taobh lenár gconairí siúil.

This wonderful specimen of a native oak stands adjacent to our walking trails.



Is féidir Cnoic Mhaoldomhnaigh uile a fheiceáil ó phointí uachtair na gconairí seo. Is sainchomharthaí aitheanta sa sliabhraon seo é an láthair amhairc ag Bóthar na gCorr agus an comloch ag Béal Locha.

The full extent of the Knockmealdowns can be seen from higher points on these trails. The viewing point at the Vee and the corrie lake at Bealough are well-known landmarks in this mountain range.



Is fianaise é tuama ursanach Lios an Mheatha den lonnaíocht luath i gceantar na Cathrach, breis agus 5,000 bliain ó shin.

The Lissava portal tomb is evidence of early settlement in the Cahir area, over 5,000 years ago.

## GRÁDÚ NA GCONAIRÍ

**CONAIRÍ 'ROCHTAIN DO CHÁCH'**
Is iondúil gur conairí iad seo atá leibhéalta, leathan agus réasúnta réidh. Oireann siad dóibh siúd a bhfuil deacracht bheag siúil acu, a bhfuil máchail fhisiciúil nó lagú radhairc orthu, do thuismitheoirí a bhfuil bugaí acu leo nó do leanaí an-óg.

**CONAIRÍ ÉASCA**
Is conairí leibhéalta atá i gceist leo seo, tríd is tríd, agus beidh droimníní nó arda beaga romhat anseo is ansiúd. D'fhéadfadh an dromchla a bheith beagán garbh in áiteanna (fréamhacha, clocha, srl.) agus fána réasúnta géar a bheith romhat anseo is ansiúd. Is iondúil gur stráicí gearra a bhíonn i gceist ansin.

**CONAIRÍ MEASARTHA ÉASCA**
Beidh fána nó ard níos géire romhat ar na conairí seo, d'fhéadfadh an dromchla fút a bheith garbh, agus seans go mbeidh fréamhacha ag gobadh amach romhat agus gnéithe nádúrtha i do bhealach. Moltar bróga nó buataisí láidre a chaitheamh.

**CONAIRÍ DIANA**
Beidh fána ghéar nó ard géar romhat in áiteanna, d'fhéadfadh aon sórt dromchla a bheith fút, agus is féidir leat a bheith ag súil le stráicí an-gharbh. Tógfaidh an tsiúlóid tamall fada ort agus seans go mbeidh gá le scileanna aclaíochta agus sábháilteachta amuigh faoin spéir.

## TRAIL GRADING

**'ACCESS FOR ALL' TRAILS**
Generally flat, wide and relatively smooth trails, suitable for those with limited mobility, physically and visually impaired, parents with buggies or very young children.

**EASY TRAILS**
Generally flat trails with some undulations. Surfaces may be a little rough in places (roots, stones, etc) with short steeper sections. Usually of short duration.

**MODERATE TRAILS**
Trails will have steeper gradients, may have rough underfoot conditions, with protruding roots and natural features. Strong footwear recommended.

**STRENUOUS TRAILS**
Some significant climbs and descents, with any type of surface including very rough sections to be expected. Of long duration where good physical and safety skills in the outdoors may be needed.